



THE HEALTH
INSURANCE
AUTHORITY

An tÚdarás Árachas Sláinte

2009

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

An tÚdarás Árachas Sláinte

Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.

LóGhlao: 1850 929 166

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Rphost: info@hia.ie

Láithreán Gréasáin: www.hia.ie

Is as muileann páipéir a úsáideann laíon adhmaid ó fhoraois inbhunaithe agus marthanach a tháinig an páipéir a úsáidtear sa tuarascáil seo.

Níor úsáideadh aon clóirín sa phróiseas tuartha.

Clár Ábhair

1. Ráiteas an Chathaoirligh	2
2. Comhaltas agus Foireann an Údaráis	4
3. Feidhmeanna an Údaráis	7
3.1 Rialúchán	8
3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh	8
3.1.2 Cothromú Fiontar	8
3.1.3 An tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009	9
3.1.4 Fógra Forfheidhmithe	13
3.1.5 Clár na nGnóthas Sochar Sláinte	14
3.2 Taighde agus Comhairle	15
3.2.1 Taighde Coimisiúnaithe ar an Margadh Árachais Sláinte	15
3.2.2 Monatóireacht ar an dTimpeallacht Árachais Sláinte	16
3.3 Leasa Tomhaltóirí	21
3.3.1 Gearáin agus Ceisteanna Tomhaltóirí	21
3.3.2 Faisnéis Tomhaltóirí	22
4. Gnóthaí Corparáideacha	24
4.1 Straitéis	24
4.2 Rialú Corparáideach	25
4.3 Caidreamh le Geallsealbhóirí	26
4.4 Acmhainní	26
5. Tuarascáil agus Cuntais 2009	27
6. Aguisíní	44
Aguisín A	44
Aguisín B	46
Aguisín C	47
Aguisín D	48

1. Ráiteas an Chathaoirligh

De réir Alt 33(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais de chuid an Údaráis Árachas Sláinte a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009.

Ba bhliain dhúshlánach a bhí ann do mhargadh árachais sláinte phríobháidigh. Mhéadaigh an brú ar phobalráití i ndiaidh don Chúirt Uachtarach cinneadh a dhéanamh maidir leis an Scéim um Chothromú Fiontar a chur i leataobh in Iúil 2008, agus de bharr prímheanna ní b'airde ag a lán pleananna árachais sláinte in éineacht le cor chun donais an gheilleagair, méadaíodh an brú ar na tomhaltóirí a bhí ag déanamh iarracht a n-urrús árachais sláinte a choinneáil. Tá an tÚdarás ag dul i ngleic leis na dúshláin seo trí mheán comhairle a sholáthar don Aire faoi bhearta idirlinne agus fadtéarmacha chun an pobalráití agus leas na dtomhaltóirí a chosaint, trí na bearta seo a chur i bhfeidhm, agus trí fhaisnéis a sholáthar do thomhaltóirí le cúnamh a thabhairt dóibh an luach is fearr a bhaint dá n-árachas sláinte.

Mar a dúradh i dTuarascálacha roimhe seo, tá córas cothromaithe fiontar uileghabhálach riachtanach i margadh pobalráitithe chun go n-oibreoidh an margadh ar mhaithe leis na tomhaltóirí uile. Mura mbeadh córas cothromaithe fiontar ann, bheifí thíos le hárachas a chur ar dhaoine níos sine nó ar dhaoine tinne. Mar gheall air sin, bheadh míbhuntáiste mór iomaíochta ar na hárachóirí siúd a árachaíonn méid níos mó daoine níos sine. Ina theannta sin, bheifí ag súil go mbainfeadh árachóirí úsáid as margáiocht agus as teicníochtaí eile le táirgí éagsúla a dhíol le daoine óga agus le seandaoine, agus prímheanna níos airde le híoc ag an ngrúpa is sine. Fágann sin nach n-oibreodh an iomaíocht go maith gan chothromú fiontar agus go n-oibreodh an margadh in éadan leas daoine tinne agus seandaoine. Sin an fáth gurb é an gnás idirnáisiúnta cothromú fiontar a bheith ann i margaí pobalráitithe.

Bhí níos mó brú ar an bpobalráití i ndiaidh don Scéim um Chothromú Fiontar a chur i leataobh i 2008. Tháinig méadú mór ar líon na dtáirgí árachais sláinte ar chostas níos ísle nach bpoiblíonn na hárachóirí iad. Ina ionad sin, díoltar na pleananna seo go díreach le grúpaí corparáideacha le fiontar níos ísle. Dá bharr sin, bhí deighilt níos mó sa daonra árachais sláinte maidir le fiontar. Níor cheannaigh ach beagán seandaoine na táirgí árachais sláinte atá ag thart ar leath na ndaoine a bhfuil árachas orthu. Gan chóras cothromaithe fiontar, níl meicníocht ann a éilíonn go dtugtar síntiús oiriúnach do chostais éilimh na ndaoine níos sine as prímheanna an leath eile den daonra árachaithe. Sa chás seo, maoinítear formhór mór de chostais éilimh na ndaoine níos sine le prímheanna na leithe eile den daonra árachaithe agus, ar an meán, íocann daoine níos sine níos mó ar a n-árachas sláinte.

Sholáthar an tÚdarás comhairle don Aire faoi bhearta idirlinne agus fadtéarmacha chun díriú ar an staid seo agus cuireadh an chomhairle seo in iúl san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 (“Acht 2009”) agus i Straitéis an Rialtais “ar son Mhargadh Árachais Sláinte Cobhsaí agus Pobalráitithe” a fógraíodh i mBealtaine 2010. Thug Acht 2009 córas isteach atá bunaithe ar thobhach idirlinne/córas bunaithe ar cháin chun tacú le pobalráití trí mheicníocht a sholáthar a thacaíonn costais éilimh na ndaoine níos sine. Tá bearta eile san Acht a chosnaíonn leas na dtomhaltóirí, maidir le forfheidhmiú agus faisnéis tomhaltóirí chomh maith. In 2009, thosaigh an tÚdarás ag obair sna rólí lárnacha a sannadh dó maidir le gach ceann de na hábhair seo.

Cé go bhfuil na bearta a tugadh isteach le hAcht 2009 riachtanach chun tacaíocht láithreach a thabhairt don phobalrátú, ní leor iad chun margadh pobalrátaithe a choimeád agus chun leas na dtomhaltóirí a chosaint go fadtéarmach. Go háirithe, mhol an tÚdarás bearta eile don Aire, ina measc córas láidir um chothromú fiontar, rialacháin nua um shochar íosta, pobalrátú ar feadh an tsaoil agus árachóir údaraithe a dhéanamh de Vhi Healthcare faoi réir an Rialtóra Airgeadais. Tá trácht ar na pointí seo uile i straitéis an Rialtais a fógraíodh i mBealtaine 2010. Mar pháirt den straitéis seo, tá an tÚdarás i mbun comhairliúcháin maidir le cothromú fiontar agus sochar íosta.

Bhí éifeacht ag cor chun donais an gheilleagair ar mhargadh árachais sláinte in 2009 nuair, den chéad uair, laghdaigh méid iomlán an mhargaidh. Bhí an margadh ar a bhuaic ag deireadh 2008, nuair a bhí árachas sláinte ag 2.30 milliún duine. Faoi dheireadh 2009 laghdaigh líon na ndaoine a raibh árachas acu go 2.26 milliún. Ba léir éifeacht an choir chun donais i dtaighde a rinne an tÚdarás in 2009, a thaispeáin gur thug tomhaltóirí luach don árachas sláinte i gcónaí, ach gur bhain níos mó tábhachta le hinacmhainneacht. Cé nach raibh ach laghdú beag ar an daonra árachaithe i gcomparáid le rudaí eile, is suntasach gur stop an margadh ag fás agus ardaíodh an cheist an mbeadh meath substaintiúil sna blianta amach romhainn mar thoradh ar an lagtrá eacnamaíochta atá ann faoi láthair. I margadh pobalrátaithe atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht idirghlúine, tá sé tábhachtach baill reatha bhrabúsacha a choinneáil agus baill níos óige a insreabhadh chun seasmhacht margaidh a chinntiú. Sa chomhthéacs seo, bheadh cuidiú don mhargadh ón bpobalrátú ar feadh an tsaoil a mholtar a thabhairt isteach.

De réir na feidhme maidir le faisnéis tomhaltóirí a tugadh don Údarás in Acht 2009, soláthraíonn an tÚdarás faisnéis do thomhaltóirí faoina gcuid ceart agus faoi na roghanna atá curtha ar fáil dóibh. Soláthraítear faisnéis trí ráitis athnuachana na n-árachóirí, sna meáin, i lárionaid sláinte agus i lialanna agus trí shuíomh gréasáin an Údaráis. Tá áis ar shuíomh gréasáin an Údaráis a chuidíonn le tomhaltóirí a dtáirge árachais sláinte a roghnú i measc na dtáirgí uile atá le fáil ar an margadh. Mar sin is féidir le tomhaltóirí a lán airgid a spáráil ar chostas a n-árachas sláinte. Soláthraíonn an tÚdarás an tseirbhís seo trí mheán an theileafóin agus an phoist chomh maith. Tá an-tóir ag tomhaltóirí ar an tseirbhís seo agus bíonn 500 tomhaltóir in aghaidh an lae ag úsáid seirbhísí faisnéise an Údaráis trí shuíomh gréasáin, trí theileafón, trí phost nó trí leabhrán faisnéise.

Tá áthas orm aitheantas a thabhairt d'obair agus do dhúthracht Bhaill an Údaráis i rith 2009. Agus ba mhaith liom an méid oibre a rinne an tUasal Aidan O'Donnella mholadh, a bhí ina Bhall den Údarás ó 2001 go 2009. Glacaim buíochas leis an Aire Sláinte agus Leanaí, an Iníon Mary Harney T.D. chomh maith, agus oifigigh a Ranna, as an tacaíocht a thug siad i rith na bliana.

Ar deireadh, cuireann an tÚdarás a bhuíochas in iúl as an obair a rinne foireann an Údaráis agus as an tiomantas a léirigh siad i rith 2009.



J. Joyce, *Chairman*

28 Meitheamh 2010

2. Comhaltas agus Foireann an Údaráis

Comhaltas

Ceapann an tAire Sláinte agus Leanaí Comhaltaí an Údaráis do théarma cúig bliana. Seo a leanas Comhaltaí an Údaráis faoi láthair:



An tUasal Jim Joyce (Cathaoirleach)

Rinneadh Cathaoirleach an Údaráis den Uasal Joyce an 1 Feabhra 2006. Tá an tUasal Joyce ina Chomhalta d'Institiúid Achtúirí agus de Chumann Achtúirí in Éirinn agus bhí sé mar Uachtarán an Chumainn idir 1999/2000. Bhí a luathghairm caite sa Státseirbhís agus chríochnaigh sé mar Rúnaí Cúnta sa Roinn Poist agus Teileagrafa, ina dhiaidh sin bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Telecom Éireann ó 1984 go dtí 1992. Ba é a bhí ina Achtúire Comhairleach don Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus ansin d'Údarás Rialaithe Seirbhísí Airgeadais Éireann ó 1992 go dtí 2005.



An tUasal Dónall Curtin

Is bunaitheoir agus Comhpháirtí Sinsearach i mByrne Cuirtin Kelly (Cuntasóirí Poiblí Deimhniú) é an tUasal Curtin. Is comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhniú in Éirinn é. Is Stiúrthóir é ar Bhord Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath. Is Stiúrthóir é an tUasal Curtin ar Chumann Lucht Trádála Éireann agus comhalta d'Institiúid Chairte na nÉadránaithe, ag a bhfuil taithí shuntasach maidir le headráin, idirghabháil agus réiteach aighnis.



An Iníon Mary Doyle

Is Ceann um Maoirseacht Stuaimeachta agus Riosca le Cónaidhm Bhaincéireachta na hÉireann í an Iníon Doyle. Is Eacnamaí í ag a bhfuil taithí fhorleathan ar ghnó agus ar bhaincéireacht na hÉireann, a dhíríonn ar anailís straitéiseach eacnamaíoch agus forbairtí i rialachán baincéireachta. D'fheidhmigh an Iníon Doyle mar Shainchomhairleoir Eacnamaíoch don Bhanc Domhanda agus tá taighde déanta aici i réimsí na hoiliúna, na turasóireachta agus beartas réigiúnach an AE. Bhí sí mar chomhalta i ngrúpaí comhairleacha áirithe ar fud an tionscail, lena n-áirítear Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus Cónaidhm Bhaincéireachta na hÉireann.

An tUasal Aidan O'Donnell – *D'éirigh sé as an Údarás an 25 Meitheamh 2009*



An Iníon Sheelagh Malin – *Ceapadh ar an Údarás í an 6 Bealtaine 2010*

Tá an Iníon Malin mar Stiúrthóir Bainistíochta ar St. James's Place International plc, ar páirt de St. James's Place é, atá mar chuid de ghrúpa bhainistíocht saibhris as an Ríocht Aontaithe. Tá breis is 20 bliain de thaithí aici i réimse na bainistíochta i dtionscal árachais saoil, lena n-áirítear margáíocht agus forbairt táirgí, tuairisciú airgeadais, comhlíonadh agus an feidhmeannas reachtúil "achtúire ceaptha". Is Comhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn í agus ghlac sí páirt i meithleacha oibre achtúireacha faoi thuairisciú airgeadais, faoi fhorchoimeád speansais agus faoi fhaisnéis don tomhaltóir le haghaidh gnó árachais saoil trasteorann.



An tUasal Paul Turpin

Is speisialtóir rialachais é an tUasal Turpin leis an bhForas Riaracháin, a chuireann seirbhísí comhairleacha agus oiliúna ar fáil. Bhí roinnt post sinsearach aige sa bhaincseirbhíocht agus i mbainistiú infheistíochta sular tháinig sé go dtí an Foras Riaracháin in 2006. D'oibrigh sé san earnáil phoiblí roimhe sin, mar Chomhairleoir Eacnamaíoch do Ranna Rialtais, leis an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach agus an Coimisiún Eorpach san áireamh.

Bainistíocht

Seo a leanas Foireann Bhainistíochta an Údaráis:



An tUasal Liam Sloyan

Príomh-Fheidhmeannach/Cláraitheoir



An tUasal Eamonn Horgan

Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha/Rúnaí don Údarás



An tUasal Brendan Lynch

Ceann Taighde/Seirbhísí Teicniúla



An tUasal Micheal O'Briain

Ceann Gnóthaí Rialála



Tá oifigí an Údaráis Árachas Sláinte lonnaithe ag:

Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.

LóGhlao: 1850 929 166

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Rphost: info@hia.ie

Láithreán Gréasáin: www.hia.ie

3. Feidhmeanna an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás an 1 Feabhra 2001 faoi Ordú na nAirí faoin Acht Árachais Sláinte, 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha an Achta seo agus na hAchtanna Árachais Sláinte (Leasú) (“Achtanna Árachais Sláinte” i dteannta a chéile).¹ Foráiltear leis an reachtaíocht seo feidhmiú agus rialú gnó árachas sláinte príobháideach in Éirinn, a chuireann reachtaíocht i bhfeidhm do na prionsabail d’árachas sláinte príobháideach, eadhon, pobalráit, rollú oscailte, cumhdach ar feadh an tsaoil agus sochar íosta.

Seo a leanas príomhfeidhmeanna an Údaráis mar a fhoráiltear sna hAchtanna Árachais Sláinte:

- monatóireacht a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte agus comhairle a thabhairt don Aire (ar iarratas ón Aire nó as a stuaim féin) ar ábhair a bhaineann le hárachas sláinte;
- monatóireacht a dhéanamh ar oibriú Achtanna Árachas Sláinte agus, más cuí, fógraí forfheidhmithe a eisiúint chun comhlíonadh na nAchtanna a fhorfheidhmiú;
- feidhmeanna ar leith a dhéanamh maidir le dleacht stampála árachas sláinte agus creidmheasanna cánach aoisbhunaithe agus maidir le haon scéim um chothromú fiontar a d’fhéadfadh teacht isteach;
- cibé beart is cuí leis a dhéanamh le cur le feacht an phobail maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- cothabháil a dhéanamh ar “Chlár na nGnóthas Sochar Sláinte” agus “Clár na gConarthaí Árachais Sláinte”.

Feidhmeoidh an tÚdarás cibé cumhachtaí a bheidh riachtanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Féadfaidh an tAire Sláinte agus Leanáí (“an tAire”) tuilleadh freagrachtaí a shannadh don Údarás mar a fhoráiltear sna hAchtanna.

¹ An tAcht Árachais Sláinte, 1994 (An Lá Bunaithe), Ordú 2001. (I.R. Uimh. 40 de 2001).

3.1 Rialúchán

3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh

Tá córas rialála árachas sláinte príobháideach na hÉireann bunaithe ar phrionsabail lárnacha lena mbaineann pobalráit, rollú oscailte, cumhdach ar feadh an tsaoil agus sochar íosta agus é mar aidhm a chinntiú nach gcosnaíonn árachas sláinte príobháideach níos mó dóibh sin a bhfuil an gá is mó acu leis. Níl maoiniú á fháil ag an gcóras, ciallaíonn sin nach bhfuil ciste bailithe le linn saol an duine árachaithe chun costas measta a éileamh a chumhdach. Ina áit sin, comhthiomsaíonn gach árachóir an t-airgead a thugann gach duine árachaithe agus glactar costas na n-éileamh i mbliain ar leith ón gciste.

Ní mór go dtuigfear an coincheap pobalráitithe sa chomhthéacs sin. Ciallaíonn sin nach dtéann an leibhéal riosca a ghabhann le tomhaltóir ar leith ó thaobh an árachóra i bhfeidhm ar an bpréimh a íoctar. I bhfocail eile, gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine do phlean áirithe, beag beann ar aois, inscne, an riocht sláinte a mbaineann leo faoi láthair agus an riocht sláinte ar dóigh a mbainfidh leo amach anseo, faoi réir eisceachtaí maidir le páistí faoi 18 mbliana d'aois, mic léinn in oideachas lánaimseartha, baill de ghrúpscéimeanna agus pinsinéirí de ghnóthais bhallraíochta srianta.

Ciallaíonn rollú oscailte agus cumhdach ar feadh an tsaoil, seachas i gcúinsí an-teoranta a shonraítear sa reachtaíocht, nach mór d'árachóirí sláinte glacadh le gach iarratasóir ar árachas sláinte agus ráthaítear go mbeidh an ceart ag gach tomhaltóir a pholasaí a athnuachan gan aird ar a aois nó stádas sláinte.

Faoi na Rialacháin Sochair Íosta, caithfidh gach earra sláinte lena gcuirtear cumhdach ar fáil do chóireáil otharlainne othar cónaitheach leibhéal íosta áirithe sochar a sholáthar. Glactar leis go bhfuil sé riachtanach go ndéanfar an t-íosleibhéal sochar a rialú mar gheall ar shainchineál casta na dtáirgí árachais sláinte phríobháidigh, lena bhféadfaí, mura ndéantar rialú orthu, táirgí nach bhfuil leibhéal cumhdaigh sách cuimsitheach á soláthar acu a chur ar fáil do thomhaltóirí.

3.1.2 Cothromú Fiontar

Is próiseas é cothromú fiontar a bhfuil sé mar aidhm aige difríochtaí i gcostais éilimh na n-árachóirí a eascraíonn as difríochtaí i stádas sláinte a mball a neodrú ar bhealach cothrom. Baineann cothromú fiontar le híocaíochtaí aistrithe idir árachóirí sláinte chun cuid de chostais éileamh na mball lena mbaineann riosca ard a roinnt ar gach árachóir sláinte príobháideach sa mhargadh i gcomhréir lena sciar den mhargadh. Is gnáthmheicníocht é cothromú fiontar i dtíortha ina bhfuil córais árachas sláinte pobalráitithe agus foráiltear tabhairt isteach na Scéime um Chothromú Fiontar in Éirinn sna hAchtanna Árachas Sláinte.

Thug an tAire Sláinte agus Leanaí (an tAire) Scéim um Chothromú Fiontar isteach faoi na hAchtanna Árachais Sláinte in 2003. Faoin Scéim, d'fhéadfaí tús a chur le híocaíochtaí sa chás go molfadh an tÚdarás go gcuirfí tús leo agus sa chás sin amháin, agus ghlac an tAire le moladh an Údaráis. Bheartaigh an tAire, ar mholadh an Údaráis a thagair d'fiontair a thagann chun cinn anois, tús a chur le cothromú fiontair faoin reachtaíocht a bhí i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2006, ach i gcás gur cuireadh reachtaíocht bhainteach ar ceal sna Cúirteanna in 2008.

I ndiaidh an Scéim um Chothromú Fiontar a neamhniú, d'fhógair an Rialtas go raibh sé i gceist scéim nua um chothromú fiontar a thabhairt isteach a bheidh “láidir, follasach agus éifeachtúil”. D'aithin an Rialtas go dtógfadh córas den sórt sin go leor ama forbairt a dhéanamh air agus tugadh isteach bearta idirlinne chun tacú le pobalráit san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Féach Alt 3.1.3.

Tuarascáil a Tugadh don Aire i Mí na Samhna 2009

I mí na Samhna 2009, tar éis iarratas a fháil ón Roinn Sláinte agus Leanaí, chuir an tÚdarás Árachais Sláinte Tuarascáil isteach chun comhairle a thabhairt ar na fachtóirí a d'fhéadfadh a bheith san áireamh i gcóras cothromaithe fiontar, ag féachaint do phríomhchuspóir reachtaíocht árachais sláinte, dea-chleachtas idirnáisiúnta agus na gnéithe a bhaineann le margadh árachais sláinte in Éirinn. Thug an Tuarascáil, ina raibh mionmhacnamh ar chórais um chothromú fiontar i sé dhlínse dhifriúla, chun críche nach mbainfear amach na sochair iomlána do thomhaltóirí i margadh pobalráitithe gan cothromú fiontar éifeachtúil nó córas cúitimh cailteanais a théann i ngleic go leordhóthanach le difríochtaí i stádas sláinte chomh maith le difríochtaí aoise agus inscne. Léirigh athbhreithniú ar chórais idirnáisiúnta gur measadh nach raibh córais – a bhí bunaithe ar thosca riosca aoise agus inscne – dóthanach chun tacú le feidhmiú an phobalráitithe ar mhaithe le leasanna na dtomhaltóirí.

3.1.3 An tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009

Tar éis bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí i mí Iúil 2008, scríobh an tÚdarás chuig an Aire Sláinte agus Leanaí i mí Lúnasa 2008 agus comhairle á cur ar fáil maidir le hiarmhairtí bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí. Chomhairligh an tÚdarás go raibh tomhaltóirí óga (iad sin atá faoi 50 bliain d'aois), i margadh pobalráitithe na hÉireann gan Chothromú Fiontar, ar an meán, brabúsach, cé go raibh na tomhaltóirí sin atá níos sine ná 50 bliain d'aois, ar an meán, neamhbhrabúsach. Tá claonadh ag na tomhaltóirí sin atá os cionn 70 bliain d'aois go háirithe a bheith an-neamhbhrabúsach. Gan Cothromú Fiontar a bheith ann, is dóigh go mbeidh na hiarmhairtí seo a leanas i gceist (leis an bhfírinne a rá, tá an margadh ag claonadh i dtreo roinnt de na treoracha sin le tamall anuas cheana féin):

- Dearfaidh árachóirí táirgí agus déanfaidh siad margáíocht orthu chun nach mbeidh siad chomh tarraingteach do chustaiméirí níos sine.
- Déanfaidh árachóirí iarracht a rioscaí a dheighilt chun go ndíolfar táirgí a chosnaíonn níos mó nó lena n-áirítear leibhéal sochar níos ísle le custaiméirí níos sine.
- Tabharfar cosaint d'árachóirí lena mbaineann próifílí riosca níos fabhraí ó fhíor-iomaíocht. Áireofar roghnú riosca agus caiteachas margáíochta seachas cáilíocht táirge agus seirbhíse ar chur chun cinn táirge.
- Is iad na hárachóirí is fearr a n-éiríonn leo an riosca a roghnú agus a dheighilt, ní gá gur iad sin a chuireann an tseirbhís is fearr ar fáil, a bheidh ar na hárachóirí is rathúla.
- Beidh oibleagáid ar na hárachóirí sin ag a bhfuil na próifílí riosca is measa préimheanna níos airde a ghearradh nó cailteanas a thabhtú. D'fhéadfaí cur lena bhfadhbanna má mhalartaítear custaiméirí óga.

Ag an am, mhol an tÚdarás go mbeadh athbhunú na Scéime um Chothromú Fiontar i bhfoirm éigin nó foirm éigin de chóras cúitithe cailteanais bunaithe ar cháin nó ar thobhach a thabhairt isteach ar na roghanna eile chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Mhol an tÚdarás réimse beart eile chun tacú le pobalrátú chomh maith.

Tar éis an mheabhráin thosaigh sin, lean an tÚdarás de chomhairle a chur ar fáil don Aire agus don Roinn ar an tslí a bhféadfaí tacú le pobalrátú agus le reachtaíocht tríd is tríd. Tugadh an próiseas sin chun críche le hachtú an Achta Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) i mí an Iúil, 2009.

An Príomhchuspóir

Leagtar amach san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 príomhchuspóir an Aire agus an Údaráis faoi na hAchtanna Árachais Sláinte. Baineann an príomhchuspóir go díreach le coincheap an pobalrátaithe agus áirítear *“lena chinntiú, ar mhaithe le leas an phobail, go bhfuil rochtain ag tomhaltóirí ar chumhdach árachais sláinte gan idirdhealú déanta eatarthu (cibé an mbeidh sé curtha i bhfeidhm ag cáin ioncaim nó ag bearta dleachta stampála nó bearta eile, nó meascán díobh), go háirithe maidir le costais na seirbhísí sláinte, bunaithe go hiomlán nó i bpáirt ar réimse aoise agus stádas sláinte ginearálta faoi seach na mball d’aon ghlúin ar leith (nó cuid di)...”* (Tionú Neamhoifigiúil)

Cuireann an reachtaíocht toirmeasc ar árachóirí dul i mbun cleachtas ina ndéantar baint amach an príomhchuspóra a sheachaint agus sanntar an fheidhm don Údarás comhairle a chur ar an Aire maidir le cibé an bhfuil príomhchuspóir na reachtaíochta á bhaint amach go cúí, i dtuairim an Údaráis.

Bearta Cánachais Idirlinne chun Tacú le Pobalrátú

Thug an tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 córas creidmheasanna cánach aoisbhunaithe isteach chun tacú le pobalrátú. Foráiltear leis an Acht go bhfaighidh Árachóirí Ballraíochta Oscailte préimheanna níos airde i leith daoine níos sine a árachú, ach go bhfaighidh daoine níos sine creidmheasanna cánach cothrom le suim na préimhe breise ionas go leanfaidh gach duine den tsuim chéanna a íoc ar a n-árachas sláinte. Ar an gcaoi sin, coimeádtar pobalrátú, ach faigheann árachóirí préimheanna níos airde i leith daoine níos sine le páirt-chúiteamh a dhéanamh ar an leibhéal éilimh níos airde. Bhí na creidmheasanna cánach ionann agus €200 do dhaoine idir 50 agus 59 bliana d'aois; €500 do dhaoine idir 60 agus 69 bliana d'aois; €950 do dhaoine idir 70 agus 79 bliana d'aois agus €1,175 do dhaoine atá os cionn 80 bliain d'aois. Cuireadh tús leis na creidmheasanna cánach ó dháta athnuachana 2009.

Íocann na hÁrachóirí Ballraíochta Oscailte Tobhach um Pobalrátú i leith na ndaoine aonair go léir a chumhdaítear d'árachais sláinte chun go ndéanfar an córas a mhaoiniú. Is €160 do dhaoine fásta agus €53 do leanaí a bhí i gceist leis an tobhach sin in 2009.

Riarann na gnóthais árachais sláinte an tobhach um pobalrátú agus na creidmheasanna cánach, ar nós an fhaoisimh chánach ag an bhfoinse de 20% den phréimh atá ann cheana.

Foráiltear leis an reachtaíocht go mbeidh na bearta idirlinne i bhfeidhm le haghaidh trí bliana. I mBealtaine na bliana 2010, luaigh an tAire Sláinte agus Leanaí go bhfuil sé beartaithe go mbeidh córas láidir um chothromú fiontar i bhfeidhm ó 2013 agus go mbeidh córas idirthréimhse i bhfeidhm ó dheireadh na mbeart idirlinne go dtí tús an chórais láidir.

Suimeanna na gCreidmheasanna Cánach Aoisbhunaithe agus an Tobhaigh Pobalráitithe a Mheas

Leagtar amach san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 an tslí a chinntear na creidmheasanna cánach aoisbhunaithe. Faoin Acht:

- Déanann an tÚdarás éilimh, daonra agus sonraí eile a mheas agus a anailísiú a thagann sna tuairisceáin ó árachóirí gach 6 mhí.
- Uair sa bhliain (san fhómhar), má iarrann an tAire é sin a dhéanamh, eisíonn an tÚdarás Tuarascáil don Aire ar a mheastóireacht agus anailís. Áirítear sa Tuarascáil sin moltaí ar shuimeanna na gcreidmheasanna cánach aoisbhunaithe agus suim an tobhaigh pobalráitithe.
- Tugtar aird sna moltaí ar an bpríomhchuspóir agus ar an gcuspóir maidir le róchúiteamh a sheachaint. Féadfaidh an tAire – ag féachaint do Thuarascáil an Údaráis, don phríomhchuspóir agus d'iomáiocht – moltaí a thabhairt don Aire Airgeadais ar shuimeanna na gcreidmheasanna cánach aoisbhunaithe agus suim an tobhaigh pobalráitithe. Tiofadh na suimeanna sin i bhfeidhm sa dlí má cheadaíonn an tOireachtas.

Le linn 2009, chuir an tÚdarás comhairle ar fáil don Aire maidir le riachtanais do Rialacháin ina leagfaí amach na sonraí le bheith san áireamh sna tuairisceáin faisnéise sé mhí a chuirtear faoi bhráid an tÚdaráis. Síníodh Rialacháin an Achta Árachais Sláinte 1994 (Tuairisceáin Faisnéise) sa dlí an 29 Iúil 2009.

Fuair an tÚdarás tuairisceáin faisnéise don chéad leath de 2009 ó gach árachóir ballraíochta oscailte. Cuireadh tuarascáil ar mheastóireacht agus anailís na dtuairisceán sin, ina raibh moladh an Údaráis ar shuimeanna na gcreidmheasanna cánach aoisbhunaithe agus suim an tobhaigh pobalráitithe, faoi bhráid an Aire i mí Dheireadh Fómhair. I mí na Nollag, d'fhógair an tAire gur cinneadh go mbeadh na suimeanna de chreidmheasanna cánach aoisbhunaithe do bheartais ag tosú tar éis an 1 Eanáir 2010 mar seo a leanas:

Banda Aoise	Creidmheas Cánach
50-59	€200
60-69	€525
70-79	€975
Os cionn 80	€1,250

Is é €185 do dhaoine fásta agus €55 do leanaí an tobhach um pobalrátú do bheartais ag tosú in 2010.

Measúnú ar Cibé a Tharlaíonn Róchúiteamh

Éilítear ar an Údarás freisin a mheas cibé an ndéanann na bearta idirlinne aon árachóir a róchúiteamh:

- Uair sa bhliain, roimh an 1 Aibreán, cuireann árachóirí cuntais sochair agus dochair agus cláir chomhardaithe ar fáil don Údarás sa mhéid is go mbaineann siad le gnó a chlúdaíonn tuairisceáin faisnéise;
- Measann an tÚdarás má bhíonn róchúiteamh déanta ar aon árachóir ag na bearta idirlinne, a chuireann ar a gcumas brabús sa bhreis ar bhrabús réasúnta a shaothrú. Má tá an tÚdarás sásta glacadh leis an dearcadh a ghlacadh go ndearnadh róchúiteamh ar árachóir, eiseoidh an tÚdarás dréacht-tuarascáil don árachóir. Cuirfidh an tÚdarás aon aighneacht a gheofar ón árachóir sin san áireamh sula ndéanfar cinneadh cibé ar tharla róchúiteamh; agus
- Má chinneann an tÚdarás gur tharla róchúiteamh eiseoidh sé tuarascáil ina luafar an tsuim de róchúiteamh don Aire agus don árachóir lena mbaineann. Ní mór don árachóir an tsuim de róchúiteamh a aisíoc leis an Státchiste.

Déanfar an chéad mheasúnú den sórt sin sa bhliain 2010 maidir le 2009.

Leasuithe sa Bhreis ar na hAchtanna Árachais Sláinte

Sna blianta 2008 agus 2009, chuir an tÚdarás comhairle ar fáil don Aire chomh maith ar réimse beart eile chun tacú le pobalrátú agus chun iomaíocht a éascú sa mhargadh árachais sláinte. Sa chomhthéacs sin, áirítear na leasuithe seo a leanas maidir leis na hAchtanna Árachais Sláinte ar an Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009:

- Féadfaidh an tAire, tar éis comhairliúcháin leis an Údarás, faisnéis le cur san áireamh i gconarthaí árachais sláinte, tairiscintí de chonarthaí árachais sláinte agus fógraí;
- Tá sé tugtha mar údarás don Údarás “cibé beart is cuí leis a dhéanamh le cur le feacht an phobail maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh”;
- Ceanglaítear ar árachóirí gach conradh árachais sláinte a choinneáil ar feadh tréimhse nach lú ná 31 lá;
- Éilítear ar árachóirí conarthaí nua a chur faoi bhráid an Údaráis 10 lá oibre ar a laghad sula ndéanfar iad a thairiscint do chustaiméirí ionchasacha;
- Coinníonn agus foilsíonn an tÚdarás Clár de Chonarthaí Árachais Sláinte;
- Ní fhéadfaidh aon ghnóthas ballraíochta srianta nua cumhdach a chur ar fáil do sheirbhísí ospidéal othar cónaitheach; agus
- Féadfaidh an tÚdarás fógraí forfheidhmithe a eisiúint má mheastar go bhfuil foráil de chuid na nAchtanna Árachais Sláinte á sárú ag árachóir.

3.1.4 Fógra Forfheidhmithe

Foráiltear leis na hAchtanna Árachais Sláinte (arna leasú le hAcht 2009) go bhféadfadh an tÚdarás fógraí forfheidhmithe a eisiúint má mheasann an tÚdarás go bhfuil foráil ábhartha á sárú ag árachóir. D’eisigh an tÚdarás fógra forfheidhmithe amháin le linn 2009. Eisíodh an fógra do Vhi Healthcare mar mheas an tÚdarás go raibh na hAchtanna Árachais Sláinte á sárú ag Vhi Healthcare mar nár cuireadh conarthaí árachais sláinte faoi bhráid an Údaráis 10 lá oibre sular tairgeadh na conarthaí do chustaiméirí ionchasacha. D’éiligh an Fógra Forfheidhmithe ar Vhi Healthcare dearbhú a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás go gcuirfeadh sé, maidir le gach conradh nua árachais sláinte, sampla den chonradh faoi bhráid an Údaráis 10 lá oibre roimh chonradh den sórt sin a thairiscint.

3.1.5 Clár na nGnóthas Sochar Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as cothabháil a dhéanamh ar “Chlár na nGnóthas Sochar Sláinte” (“an Clár”). Foráiltear le hAlt 14 de na hAchtanna Árachais Sláinte nach mór d’aon árachóir sláinte a bhfuil gnó árachais sláinte á sheoladh aige/aici in Éirinn clárú leis an Údarás agus teastas a fháil uaidh.

Éileofar iarratas ar chlárú athnuachana ar bhonn bliantúil. Eisítear teastas chuig an árachóir sláinte nuair a chláraítear, lena ndeimhnítear go bhféadfaidh an t-árachóir árachas sláinte príobháideach a thairiscint de réir téarmaí a rialacha agus laistigh den reachtaíocht ábhartha.

Tá dhá chineál gnóthas árachais sláinte in Éirinn. Is árachóirí sláinte iad na Gnóthais Bhallraíochta Oscailte ar gá dóibh glacadh le gach custaiméir a dteastaíonn uathu árachas sláinte príobháideach a fháil (faoi réir srianta teoranta áirithe mar a shonraítear sa reachtaíocht). Is scéimeanna gairme iad Gnóthais Bhallraíochta Srianta go príomha, ní bhíonn de bhaill iontu ach fostaithe eagraíochtaí ar leith. Foráiltear leis an Acht 2009 nach féidir Gnóthais Bhallraíochta Srianta nua a chur ar fáil.

Liostaítear na gnóthais ar “Chlár na nGnóthas Sochar Sláinte” an 31 Nollaig 2009 in Aguisín C.

Ciste Ospidéal an tSathairn

Nuair a achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte 1994, ceadaíodh díolúine pháirteach ó fhorálacha ar leith den Acht do Chiste Ospidéal an tSathairn agus do Chumann Coigiltis an Ospidéal. Dhíol gach ceann de na heagraíochtaí sin táirgí ina raibh íocaíocht airgid a bhí nasctha le fad an tseala san ospidéal curtha ar fáil i dteannta clúdaigh do sheirbhísí sláinte othar seachtrach. Faoi théarmaí na díolúine páirtí, measadh nach táirgí do chonarthaí árachais sláinte a bhí iontu agus níor éilíodh ar an dá eagraíocht clárú leis an Údarás Árachais Sláinte. Cheannaigh Ciste Ospidéal an tSathairn gnó Éireannach Chumann Coigiltis an Ospidéal in 2008.

Foráladh leis an Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú), 2008 do bhaint na díolúine páirtí. Chinn an tAire an díolúine pháirteach a bhaint amach ina dhiaidh sin an 31 Márta 2010. Mar thoradh air sin, chun leanúint ar aghaidh le gnó árachais sláinte in Éirinn, ón 1 Aibreán 2010 éilítear ar Chiste Ospidéal an tSathairn clárú leis an Údarás Árachais Sláinte agus cloí le gach riachtanas gaolmhar sna hAchtanna Árachais Sláinte. In 2009 agus go luath in 2010 d’oibrigh an tÚdarás le Ciste Ospidéal an tSathairn maidir lena iarratas um chlárú agus a ullmhúcháin um riachtanais maidir le gnóthais chláráithe a chomhlíonadh. Cuireadh Ciste Ospidéal an tSathairn le Clár na nGnóthas Sochar Sláinte an 1 Aibreán 2010.

3.2 Taighde agus Comhairle

3.2.1 Taighde Coimisiúnaithe ar an Margadh Árachais Sláinte

In 2009, choimisiúnaigh an tÚdarás Red C Research agus Marketing Ltd chun staidéar taighde a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn lenar bhain na riachtanais shonracha seo a leanas.

- (a) an t-eolas is déanaí ar phríomhthreochtaí i measc tomhaltóirí a chur ar fáil, lena n-áirítear dearchtaí maidir le malartú;
- (b) dearchtaí tomhaltóirí a athbhreithniú maidir le hárachas sláinte in amanna lag trá eacnamaíochta; agus
- (c) an t-eolas is déanaí a chur ar fáil ar dheighleog ghrúpscéim na bhfostóirí den mhargadh agus léargas ionchasach a thabhairt ar threochtaí amach anseo.

Ba é seo an ceathrú tionscadal taighde den sórt sin a rinne an tÚdarás ó bunaíodh é in 2001. Cuireann an tsraith de thuarascálacha taighde eolas luachmhar ar fáil ar mhargadh an árachais sláinte, lena n-áirítear treochtaí le himeacht ama sa mhargadh.

Áiríodh ar an obair taighde suirbhé náisiúnta duine-ar-dhuine inar ghlac 1,000 duine fásta páirt, suirbhé ina raibh 300 gnó.

Seo a leanas príomhthorthaí an taighde:

- Leanann VHI Healthcare ag cailleadh sciar den mhargadh;
- Tá meas mór ag tomhaltóirí ar a gcumhdach árachais sláinte agus léiríodh leibhéal ard sásaimh i measc na dtomhaltóirí maidir le hárachas sláinte;
- Tá tionchar ag an lagtrá eacnamaíochta ar an éileamh ar árachas sláinte, cé nach bhfuil ach meath beag tagtha ar chomhréir an daonra ag a bhfuil árachas sláinte go dtí seo.
- Is iad na príomhfáthanna a thug iarthomhaltóirí gan árachas sláinte a bheith acu ná costas (44%) agus caillteanas post (19%);
- Tháinig laghdú ó 89% in 2007/2008 go 73% (22% nach bhfuil a fhios acu) ar líon na ndaoine a bhfuil sé i gceist acu a leibhéal clúdaigh a uasghrádú nó a choinneáil sna 12 mhí amach romhainn.
- Deir 16% de fhreagróirí gur mhalartaigh siad soláthróir árachais (i gcomparáid le 10% in 2007/2008).
- Leanann árachas sláinte príobháideach mar an dara sochar fostaíochta is mó luach i ndiaidh pinsin.

Tugadh tuarascáil ar an Taighde chun críche agus cuireadh faoi bhráid an Aire í i mí Bealtaine 2010 agus foilsíodh í ina dhiaidh sin.

3.2.2 Monatóireacht ar an dTimpeallacht Árachais Sláinte

Méid agus Struchtúr an Mhargaidh

Mar atá le feiceáil ó Aguisín A, tháinig fás leanúnach ar mhargadh an árachais sláinte le blianta fada. Tháinig méadú ar an margadh iomlán ó 1,871,000 ag deireadh 2001, an bhliain a bunaíodh an tÚdarás, go 2,299,000 ag deireadh 2008. In 2009, tháinig meath ar mhéid iomlán an mhargaidh den chéad uair go 2,262,000. Cé nach raibh ach laghdú beag i gceist i gcomórtas le rudaí eile, is suntasach gur stop an margadh ag fás agus ardaíodh an cheist an mbeadh meath substaintiúil sna blianta amach romhainn mar thoradh ar an lagtrá eacnamaíochta atá ann faoi láthair. I margadh pobalráitithe atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht idirghlúine, tá sé tábhachtach baill reatha bhrabúsacha a choinneáil agus baill níos óige a insreabhadh chun seasmhacht margaidh a chinntiú.

Tugann Aguisín A sonraí ar threochtaí i sciar den mhargadh agus miondealú sciartha den mhargadh reatha de réir aoise idir árachóirí. Is léir go bhfuil difríocht shubstaintiúil idir sciartha den mhargadh i measc aoisghrúpaí difriúla. Tá sé sin suntasach mar tagann ardú ar rátaí éilimh go sciobtha le haois. Léirítear an méid sin go soiléir in Aguisín B.

Sna céad 10 mblianta de mhargadh iomaíoch bhí meath seasta ar siúl ag Vhi Healthcare sa sciar den mhargadh de thart ar 0.5 pointí céatadáin an ráithe. Tháinig ardú ar ráta meatha i sciar den mhargadh Vhi Healthcare le blianta beaga anuas agus le 12 mhí anuas chaill Vhi Healthcare a sciar den mhargadh ar ráta 0.8 pointí céatadáin an ráithe.

Ní nach ionadh, is sna grúpaí aoise níos óige go príomha a tharla cailteanais i sciar den mhargadh Vhi Healthcare. Faoi lár 2009, bhí thart ar 40% den aoisghrúpa idir 30 agus 39 bliana ag Quinn Healthcare agus Hibernian AVIVA Health eatarthu, ach níos lú ná 5% den aoisghrúpa os cionn 80 bliana. Ina theannta sin, tá an tÚdarás ag súil, laistigh de na haoisghrúpaí, go mbeadh sciar níos airde go díreireach de dhaoine míshláintiúla ag Vhi Healthcare. Tá an tÚdarás den tuairim sin mar measann sé nach dóigh go n-athródh daoine míshláintiúla árachóir mar gheall ar na rioscaí a bhraitear.

Ceisteanna Táirge

Tháinig ardú mór ar líon na dtáirgí árachais sláinte agus na n-éagsúlachtaí táirge atá le fáil sa mhargadh in 2009. Bhí os cionn 182 éagsúlacht táirge ar an iomlán ar an margadh ag deireadh 2009. Athbhreithníonn an tÚdarás na táirgí go léir atá ar an margadh ar bhonn leanúnach maidir le comhlíonadh na reachtaíochta árachais sláinte agus na Rialachán.

Seo a leanas cuid de na forbairtí is suntasaí le blianta beaga anuas:

- ardú ar líon na dtáirgí cúraim phríomhúil atá neamhspleách nó ar fhorlíonadh táirge iad;
- ardú ar líon na dtáirgí a dhírítear ar ghrúpaí gairme nó ar fhostaithe cuideachtaí aonair;
- ardú suntasach ar fharasbairr éileamh ar tháirgí áirithe;
- éagsúlachtaí móra maidir le cumhdach cúraim mháithreachais idir táirgí difriúla; agus
- táirgí a thabhairt isteach lena gcuirtear cumhdach ar fáil do sheomra príobháideach in ospidéal phoiblí ach lena gcumhdaítear líon an-teoranta ospidéal príobháideach.

Deighilt an Mhargaidh

Maidir leis na bearta idirlinne reatha a thacaíonn le pobalrátú – nach ndéanann cúiteamh ach do 50% de dhifriochtaí éilimh aoisbhunaithe – tá sé an-bhrabúsach d’árachóirí tomhaltóirí níos óige a earcú agus tomhaltóirí níos sine nach bhfuil chomh sláintiúil a sheachaint. Más rud é go dtugann árachóirí clúdach do thomhaltóirí níos sine, tá an dreasú ann táirgí difriúla a dhíol do thomhaltóirí níos sine agus níos óige chun praghsáil difreálach a cheadú. In ainneoin pobalráitithe, tá fianaise ann den mhéid sin san ionad margaidh. Is éard atá againn sa mhargadh faoi láthair cineál pobalráitithe atá lag, a léiríonn an tacaíocht teoranta do phobalrátú a chuireann an creidmheas cánach idirlinne/córas tobhaigh ar fáil.

Reáchtáil árachóirí tairiscintí speisialta/feachtais mhargaíochta a dhíríonn ar dheighleoga roghnaithe den mhargadh. Is éard a bhí i gceist díolacháin lá amháin ar phleananna corparáideacha, táirgí dírithe ar ghrúpscéimeanna ina raibh téarmaí níos fearr agus sochair breise a bhí dírithe ar chustaiméirí níos óige. Tá pleananna le luach níos fearr ag gach árachóir, ach níl na sonraí iomlána ná na praghsanna le fáil ar a gcuid láithreán gréasáin. Díoltar na pleananna seo go díreach le grúpscéimeanna corparáideacha lena mbaineann rioscaí níos ísle. Maidir le roinnt beart, mar shampla fógra roimh ré de tháirgí nua don Údarás, a thug an tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 isteach, téann siad i ngleic le roinnt de na ceisteanna sin go pointe áirithe.

Is é an glaniarmhairt de dheighilt riosca, idir agus laistigh d’árachóirí, ná go bhfuil daoine níos sine agus nach bhfuil chomh sláintiúil, ar an meán, ag íoc níos mó ar chlúdach árachais sláinte. Is é sin an fáth go bhfuil gá le córas um chothromú fiontar uileghabhálach. Idir an dá linn, cuirfidh an uirlis a tugadh isteach le gairid, uirlis táirge comparáide, ar láithreán gréasáin an Údaráis cúnaimh ar fáil sa réimse seo.

Go luath in 2009, chuir Vhi Healthcare dlús lena straitéis maidir le deighilt. Dhíol sé roinnt pleananna corparáideacha go díreach le scéimeanna cuideachta ar leith gan sonraí díobh a fhoilsiú. Ní raibh na táirgí ar tairiscint ach ar feadh tréimhse an-ghearr (lá amháin uaireanta) agus d'fhéadfadh praghsanna athrú ar bhonn laethúil. Díoladh leaganacha de na pleananna a chlúdaigh 366 lá ar phraghsanna níos ísle ná na grúpscéimeanna difriúla, ar an gcoinníoll gur chlúdaigh na conarthaí tréimhse difriúil ama. Mar thoradh air sin, bhí sé dodhéanta i gcleachtas do dhaoine aonair na táirgí sin a cheannach ar na téarmaí céanna agus a bhí ag na grúpscéimeanna corparáideacha lena mbaineann rioscaí níos ísle. Rinne an tÚdarás iniúchadh sa chás agus d'eisigh sé tuarascáil don Roinn Sláinte agus Leanaí. Ina dhiaidh sin, chuir Vhi Healthcare deireadh leis an gcleachtas an 1 Márta.

Tugadh roinnt beart isteach san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a dhíríonn ar rochtain ar gach táirge a chinntiú do dhaoine aonair. Go háirithe, tugadh na riachtanais seo a leanas isteach:

- Ní mór go mbeadh táirgí ar fáil ar feadh 30 lá ar a laghad;
- I bhformhór na gcásanna, ní mór go mbeadh téarma bliain amháin go díreach ag conarthaí;
- Ní mór d'árachóirí aon táirge nó athrú ar tháirgí a chur in iúl d'Údarás Árachais Sláinte; agus
- Cuirfidh an tÚdarás faisnéis ar fáil do thomhaltóirí ar tháirgí atá ar fáil faoi láthair.

Tá iarmhairt ag na bearta reachtaíochta sin agus bearta eile straitéisí riosca um dheighilt a shrianadh agus teacht ar tháirgí a éascú do thomhaltóirí. Is dóigh, áfach, go leanfaidh árachóirí de bhealach a cheapadh chun rioscaí níos fearr a roghnú agus a gcuid rioscaí a dheighilt sa chaoi is go ndíoltar táirgí le custaiméirí lena mbaineann rioscaí níos airde a chosnaíonn níos mó fad is a bhaineann an dreasú d'árachóirí é sin a dhéanamh. Chuir an tÚdarás comhairle ar an Aire go bhfuil gá le meicníocht maidir le cúitimh cailteanais/cothromú fiontar cuimsitheach chun tacú le córas árachais sláinte ina bhfuil pobalráit agus rollú oscailte. Bhainfeadh meicníocht den sórt sin an dreasú d'árachóirí praghsanna difriúla a ghearradh ar ghrúpaí riosca difriúla.

Vhi Healthcare – First Plan Extra

An 1 Meán Fómhair 2009, thug Vhi Healthcare táirge nua árachais sláinte (First Plan Extra) isteach, nár chuir clúdach ar fáil in ospidéal phoiblí do ghnáthaimh ortaipéideacha ná do mhórmhainlíocht súl (lena n-áirítear máinliacht catarachta) agus nach raibh ach clúdach 35% ar fáil do na gnáthaimh sin in ospidéal phríobháideacha (cóiríocht leath phríobháideach). An 9 Meán Fómhair, scríobh an tÚdarás chuig Vhi Healthcare chun a chur in iúl go raibh sé den tuairim go bhféadfadh sé gur sháraigh na conarthaí sin Príomhchuspóir na reachtaíochta agus Rialacháin na Sochair Íosta. Thug an tÚdarás cuireadh do Vhi Healthcare aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an gceist sular tháinig

sé ar chinneadh. An 16 Meán Fómhair, chuir Vhi Healthcare in iúl don Údarás go leasófar na sochair ar an táirge sin chun clúdach iomlán a chur ar fáil do mhórmhainlíocht súl in ospidéal phoiblí agus phríobháideacha (cóiríocht leath phríobháideach), clúdach iomlán do ghnáthaimh ortaipéideacha in ospidéal phoiblí agus clúdach 80% do ghnáthaimh ortaipéideacha in ospidéal phríobháideacha (cóiríocht leath phríobháideach).

Quinn Healthcare – Clúdach d’Ospidéal Príobháideach Síciatrach Phádraig

An 18 Márta 2009, scríobh Quinn Healthcare chuig a gcustaiméirí chun iad a chur ar an eolas, le héifeacht láithreach, nach mbeadh Quinn Healthcare ag clúdach na hospidéal phríobháideacha síciatracha de chuid Phádraig agus Edmondsbury. Níor leagadh amach sa litir an bealach a dtabharfaí freastal ar na daoine a bhí ag fáil cóir leighis sna hospidéal sin. Fuair an tÚdarás líon glaonna ó bhaill Quinn Healthcare a bhí ag fáil cóir leighis sna hospidéal sin nó a raibh caidreamh acu leis na hospidéal sin.

Chuaigh mórán custaiméirí – a thug luach ar chlúdach sna hospidéal sin – i dteagmháil le AVIVA Health agus Vhi Healthcare chun soláthróir a mhalartú. Luaigh AVIVA Health agus Vhi Healthcare (ar dtús) gur amharc siad ar chlúdach d’ospidéal Phádraig agus Edmondsbury mar uasghrádú i gclúdach do dhaoine a mhalartaigh ó Quinn Healthcare agus luaigh siad go gcuirfidís tréimhsí feithimh i bhfeidhm.

Scríobh an tÚdarás chuig Quinn Healthcare ag luaigh go raibh inní air faoin easpa fógra san athrú i gclúdach agus nár chuir comhfhreagras le tomhaltóirí sonraí ar fáil faoin mbealach a mbeadh éifeacht aige sin ar dhaoine faoi chóir leighis nó a raibh sé beartaithe acu dul faoi chóir leighis. Thagair an tÚdarás freisin an t-ábhar don Rialtóir Airgeadais ó tharla go n-éilítear i gCód Iompair de chuid an Rialóra Airgeadais “nuair atá sé ceaptha ag aonán rialáilte an réimse seirbhísí a sholáthraíonn sé a leasú nó a athrú, caithfidh sé fógra a thabhairt do thomhaltóirí a dtéann sé i bhfeidhm orthu mí ar a laghad sula dtugtar an leasú isteach.”

Ina theannta sin, scríobh an tÚdarás chuig AVIVA Health agus Vhi Healthcare chun a gcleachtais a fhiosrú maidir le huasghrádú a chur i bhfeidhm ar chlúdach i dtréimhsí feithimh in Ospidéal Phádraig.

An 1 Aibreán, d’fhógair Vhi Healthcare nach gcuirfeadh sé uasghrádú i bhfeidhm ar chlúdach i dtréimhsí feithimh maidir le clúdach in Ospidéal Phádraig do chustaiméirí a athraíonn ó Quinn Healthcare.

An 2 Aibreán, scríobh Quinn Healthcare chuig a mbaill chun iad a chur ar an eolas “nach mbeadh aon iarmhairt ar na baill sin a bheadh ag dul faoi chóir leighis nó a raibh sé beartaithe acu dul faoi chóir leighis sna hospidéal.” Shoiléirigh Quinn Healthcare go mbainfeadh an méid sin le baill a bhfuil caidreamh acu le hOspidéal Phádraig.

An 23 Aibreán, chuir Quinn Healthcare in iúl don Údarás gur réitíodh a gcuid ceistanna conarthacha le hOspidéal Phádraig agus gur atosáíodh clúdach iomlán.

Pobalrátú ar Feadh an tSaoil

Is córas é pobalrátú ar feadh an tsaoil lena bhféadfadh árachóirí préimh níos airde a ghearradh ar na daoine sin a fhaigheann árachas sláinte den chéad uair agus iad níos sine. Faoin bpobalrátú ar feadh an tsaoil, d'íocfadh duine a bhí 70 bliain d'aois ag a raibh árachas ó bhí sé/sí 30 bliain d'aois an phréimh chéanna agus a d'íocfadh duine a bhí 30 bliain d'aois, ach d'fhéadfaí préimh níos airde a ghearradh ar dhuine a bhí 70 bliain d'aois nach raibh árachas aige/aici roimhe sin. Measann an tÚdarás, le tabhairt isteach pobalrátú ar feadh an tsaoil, go laghdófaí riosca do thomhaltóirí iontráil deireanach sa mhargadh árachas sláinte go dtí níos déanaí sa saol agus bheadh préimheanna níos airde do gach duine mar thoradh air.

Foráiltear leis na hAchtanna Árachais Sláinte Rialacháin a thabhairt isteach chun córas a bhunú ar phobalrátú ar feadh an tsaoil in Éirinn agus luaigh an tAire go raibh sé beartaithe aici Rialacháin den sórt sin a thabhairt isteach. In 2009, d'athbhreithnigh an tÚdarás dréacht de Rialacháin Pobalráitithe ar feadh an tSaoil agus chuir sé comhairle ar an Aire.

Rollú Oscailte

I measc nithe eile, i bhfianaise an phobalráitithe ar feadh an tsaoil a mholtar a thabhairt isteach, moltar chomh maith leasú a dhéanamh ar na Rialacháin Rollaithe Oscailte. Scaipeadh dréacht-Rialacháin ar na hárachóirí lena mbreithniú.

Sochair Íosta

Déanann an tÚdarás monatóireacht ar chomhlíonadh Rialacháin Sochair Íosta, atá tábhachtach d'éifeacht pobalráitithe agus do chosaint tomhaltóirí.

Ar iarratas an Aire, d'ullmhaigh an tÚdarás dréachtpháipéar comhairliúcháin maidir le hathbhreithniú ar Rialacháin na Sochair Íosta. D'iarr an tAire gan an páipéar comhairliúcháin a eisiúint go dtí gur mheas sí na ceisteanna beartais chomh maith le tograí maidir le scéim nua um chothromú frontar mar gheall go raibh roinnt ceisteanna le meas coitianta sa dá ábhar.

Comhlíonadh Rialacháin na Sochair Íosta

I ndiaidh don Údarás athbhreithniú a dhéanamh ar tháirgí árachais sláinte, thug an tÚdarás faoi deara maidir le téarmaí roinnt beartas lena bhain barrachas go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh níos lú ná sochar íosta íoctha le roinnt custaiméirí do ghnáthaimh ar chostas íseal d'othair lae nó d'othar cónaitheach. Cheistigh an tÚdarás an t-ábhar seo leis na hárachóirí ábhartha. Dhearbhaigh Vhi Healthcare nár íocadh sochar íosta i thart ar 750 cás. D'aisíoc Vhi Healthcare gach ceann de na tomhaltóirí sin. Bhí thart ar 95% de na haisíocaíochtaí sin le haghaidh suimeanna níos lú ná €30.

3.3 Leasa Tomhaltóirí

Baineann tábhacht lárnach le leasanna na dtomhaltóirí ó thaobh an Údaráis de. Tá sé mar fheidhm ag an Údarás mar a fhoráiltear sna hAchtanna Árachais Sláinte “cibé beart is cúí leis a dhéanamh le cur le feasacht an phobail maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh.” Laistigh de na téarmaí tagartha sin, tá sé mar aidhm ag an Údarás cur le feasacht na dtomhaltóirí maidir lena gcearta agus cabhrú leo tuiscint a fháil ar tháirgí árachais sláinte. Déanann an tÚdarás monatóireacht ar sholáthar faisnéise na n-árachóirí do thomhaltóirí chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na nAchtanna Árachais Sláinte.

3.3.1 Gearáin agus Ceisteanna Tomhaltóirí

Cabhraíonn an tÚdarás le tomhaltóirí trí cheisteanna a fhreagairt a bhaineann le hárachas sláinte agus trí chabhair a thabhairt dóibh díospóidí le hárachóirí a réiteach. In 2009, d’ardaigh líon na gceisteanna agus na ngearán a fuair an tÚdarás ó 600 in 2008 go os cionn 1,100. Bhí an t-ardú i leibhéal na gceisteanna ní ba shuntasáí ó dheireadh mhí na Samhna ar aghaidh, ina raibh os cionn 200 glao i mí na Nollag amháin. Tháinig an t-ardú i leibhéal na dteagmhálacha i gcomhthráth le seoladh láithreáin ghréasáin nua an Údaráis ina n-áirítear uirlis táirge comparáide ar líne.

Seo a leanas na topaicí is minice a tógadh leis an Údarás:

- iarratais ar chomparáidí idir táirgí árachais sláinte;
- ceisteanna ginearálta maidir le táirgí árachais sláinte agus tréimhsí feithimh;
- cearta maidir le hárachóirí a mhalartú;
- an costas a bhaineann le hárachas sláinte príobháideach;
- iarratais ar fhoilseacháin faisnéise an Údaráis; agus
- caighdeáin seirbhíse na n-árachóirí.

Le linn 2009, d’éirigh leis an Údarás idirghabháil a dhéanamh ar son na dtomhaltóirí maidir le ceisteanna a ardaíodh ar árachas sláinte. Leagtar amach dhá shampla de na cásanna a dtug an tÚdarás aghaidh orthu thíos.

Cás-Staidéar 1

Mhalartaigh tomhaltóir a cuid árachóirí leathbealaigh tríd a toirchis. Chuir sí éileamh faoi bhráid le haghaidh cúram réamhbhreithe othar seachtrach don chéad árachóir agus éileamh máithreachais othar cónaitheach don dara árachóir. Dhiúltaigh an chéad árachóir an t-éileamh ar an gcoinníoll nach raibh leanbh ag an gcustaiméir cé go raibh sí faoi árachas leis. Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an árachóir agus cheistigh an fáth gur diúltaíodh an t-éileamh.

Rinne an t-árachóir iniúchadh maidir leis an éileamh agus d'admhaigh gur tugadh faisnéis mhíchruinn don tomhaltóir agus go gcúiteofar a cúram réamhbhreithe ina iomláine de réir sochair a beartais árachais sláinte.

Cás-Staidéar 2

Mhalartaigh tomhaltóir íocaíocht ar a beartas árachais sláinte ó asbhaint óna tuarastal go híocaíocht rialta dochar díreach óna cuntas bainc. Thug an t-árachóir comhairle go mbeadh cealú a beartais i gceist dá réir agus go mbeadh tús á chur le beartas nua, go dtabhófar préimh ard, dá réir, mar gur chuir an t-árachóir ardú i bhfeidhm ar an bpraghas le gairid.

Rinne an tÚdarás teagmháil leis an árachóir agus d'fhiafraigh conas a airbheartódh an t-árachóir beartas an tomhaltóra a chur ar ceal i lár an téarma gan a n-údarás. Rinne an t-árachóir iniúchadh maidir leis an ngearán agus d'admhaigh go bhfanfadh an bunchonradh i bhfeidhm leis an mbunphréimh.

3.3.2 Faisnéis Tomhaltóirí

Foráiltear leis an Acht Árachais Sláinte 1994, mar a leasaítear, don Údarás cibé beart is cuí leis a dhéanamh le cur le feasacht an phobail maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh. Cuireann an tÚdarás faisnéis tomhaltóirí ar fáil ar bhealaí difriúla, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Tá ráitis ar fhaisnéis tomhaltóirí ón Údarás san áireamh i bhfógraí athnuachana a eisíonn árachóirí.
- Áirítear ar láithreán gréasáin an Údarais mionfhaisnéis tomhaltóirí, lena n-áirítear áis táirge comparáide a chlúdaíonn táirgí atá le fáil sa mhargadh.
- Cuirtear fógraín agus fógraí sna nuachtáin náisiúnta agus áitiúla.

- Dáiltear leabhráin ar fhaisnéis tomhaltóirí in os cionn 1,200 ionad, lena n-áirítear clinicí dochtúirí, ospidéal agus ionaid eolais do shaoránaigh.
- Foilsíonn an tÚdarás Nuachtlitir go rialta.
- Eisíonn an tÚdarás comparáidí ar tháirgí agus faisnéis tomhaltóirí eile sa phost ar iarratas.

Láithreán Gréasáin

D'athfhorbair an tÚdarás a láithreán gréasáin in 2009 mar thoradh ar na feidhmeanna breise maidir le faisnéis tomhaltóirí a cuireadh i leith an Údaráis san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Rinneadh forbairt ar uirlis nua táirge comparáide don láithreán gréasáin a thugann deis do thomhaltóirí na bearta is iomchuí a roghnú dá chúinsí, agus sochair agus praghsanna pleananna a chur i gcomparáid taobh le taobh. Chuir an uirlis nua comparáide sin sonraí gach plean ar an margadh ar fáil do thomhaltóir agus is é an t-aon acmhainn é a bhfuil fáil ar an bhfaisnéis seo. Rinneadh roinnt athruithe eile chun rochtain ar an láithreán gréasáin a mhúscailt.

Chomh maith leis an láithreán gréasáin a sheoladh, chuir an tÚdarás tús le feachtas fógráin agus meán a dhírigh ar thomhaltóirí a chur ar an eolas faoi na coigiltis shuntasacha ar féidir le tomhaltóirí a dhéanamh tar éis dóibh cuairt a thabhairt ar an láithreán gréasáin. Chuir an feachtas béim ar an réimse pleananna “corparáideacha” a bhíonn ag gach árachóir, nach bhfuil na sonraí iomlána le fáil ar láithreáin ghréasáin na n-árachóirí. Cuirtear na pleananna seo ar an margadh go díreach le scéimeanna corparáideacha. Is minic a thugann na pleananna corparáideacha na sochair comhchosúla is a thugann pleananna ar an margadh do dhaoine aonair ach ar phraghsanna níos ísle. Chuir feachtas an Údaráis béim ar an ábhar go bhfuil daoine aonair i dteideal na pleananna corparáideacha sin a cheannach freisin agus tá sonraí iomlána le fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Tháinig ardú suntasach ar amais an láithreáin ghréasáin i ndiaidh an láithreán gréasáin nua a sheoladh go luath i mí na Nollag 2009. Faoi lár mhí Feabhra 2010 fuair an láithreán gréasáin os cionn 20,000 amas i gcomparáid le 2,800 amas in aghaidh na míosa roimh sheoladh an láithreán gréasáin.

Cuireadh go mór leis an láithreán gréasáin nuair a cuireadh cuid faoi Cheisteanna Coitianta, leathanach Jargon Buster agus cuid faoi Scéalta is Déanaí san áireamh. Maidir leis an gcuid faoi Na Scéalta is Déanaí, tá eolas faoi phromóisin praghsanna, pleananna nua agus athruithe ar phleananna reatha. Is féidir le tomhaltóirí clárú chun leathanach ar líne a fháil a chuirfidh nuacht reatha maidir le hárachas sláinte ina mbosca isteach.

4. Gnóthaí Corparáideacha

4.1 Straitéis

Is rialtóir neamhspleách don mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn é an tÚdarás. Chun a ról seo a chomhlíonadh, d'fhorbair an tÚdarás a phlean oibre chun fíis, misean agus luachanna a chur san áireamh.

Fís an Údaráis

Is í fíis an Údaráis ná “leas do chách a bhaint amach trí mhargadh iomaíoch árachas sláinte a éascú agus san am céanna pobalrátú, rollú oscailte agus clúdach ar feadh an tsaoil a chaomhnú”.

Misean an Údaráis

Is é misean an Údaráis:

- monatóireacht a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte agus comhairle a thabhairt don Aire (ar iarratas ón Aire nó as a stuaim féin) ar ábhair a bhaineann le hárachas sláinte;
- monatóireacht a dhéanamh ar oibriú Achtanna Árachas Sláinte agus, más cuí, fógraí forfheidhmithe a eisiúint chun comhlíonadh na nAchtanna a fhorfheidhmiú;
- feidhmeanna ar leith a dhéanamh maidir le dleacht stampála árachas sláinte agus creidmheasanna cánach aoisbhunaithe agus maidir le haon scéim um chothromú frontar a d'fhéadfadh teacht isteach;
- cibé beart is cuí leis a dhéanamh le cur le feacht an phobail maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- cothabháil a dhéanamh ar “Chlár na nGnóthas Sochar Sláinte” agus “Clár na gConarthaí Árachais Sláinte”.

Luachanna an Údaráis

Ghlac an tÚdarás le luachanna le cur i bhfeidhm ina ghníomhíochtaí. Seo a leanas luachanna an Údaráis:

- a neamhspleáchas a choinneáil;
- gníomhú le neamhchlaontacht agus le hionracas i gcónaí;
- oibriú ar bhealach gairmiúil agus éifeachtach;

- a dhúshláin uathúla a chomhlíonadh trína bheith oscailte maidir le smaointe nua agus le moltaí ó gach foinse agus trína bheith nuálach ina chur chuige;
- trédhearcacht a choinneáil ina chuid oibre go léir; agus
- meas ar a dhaoine.

4.2 Rialú Corparáideach

Cód Cleachtais ar Rialú Corparáideach

Thug an tÚdarás a “Chód Cleachtais ar Rialú an Údaráis Árachas Sláinte” cothrom le dáta bunaithe ar an “gCód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit” nuashonraithe a d’eisigh an Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009.

Eitic in Oifig Phoiblí

Áirítear an tÚdarás in Ionstraim Reachtúil Uimh. 699 de 2004 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon Comhaltaí an Údaráis agus na baill foirne ábhartha a n-oibleagáidí faoin reachtaíocht sin.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh na Cuntais Bhliantúla do 2009 agus cuireadh iad isteach chuig Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (“ an AR&CC”) le haghaidh iniúchta. Rinne an oifig sin iniúchadh ar ne Cuntais sin agus cheadaigh sí iad, agus leagtar amach iad ag Alt 5 sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Cloíonn an tÚdarás le doiciméadú rialaithe chorparáidigh a d’eisigh an AR&CC in 2003, lena leagtar amach treoirlínte agus caighdeáin maidir le cuntais a chur isteach le haghaidh iniúchta.

Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an tÚdarás reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla agus bíonn sé i dteagmháil leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta maidir leis seo.

Saoráil Faisnéise

Tháinig an tÚdarás Árachas Sláinte faoi réimse an Achta Um Shaoráil Faisnéise nuair a ritheadh Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) 2006, le héifeacht ón 31 Bealtaine 2006.

Chomh maith le hiarratais a dhéantar faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise a phróiseáil de réir mar a thagann siad isteach, d’fhoilsigh an tÚdarás dhá leabhrán “Treoir ar Fheidhmeanna agus ar Thaid i seilbh an Údaráis” agus “Treoir ar Rialacha, Nósanna Imeachta agus Cleachtais an Údaráis”, lena dtreoraítear an t-iarratasóir tríd an bpróiseas Saorála Faisnéise. Cuirtear na leabhráin le chéile de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus foilsítear iad ar láithreán gréasáin an Údaráis.

4.3 Caidreamh le Geallsealbhóirí

I rith 2009 rinne an tÚdarás iarracht caidrimh ghairmiúla iomchuí a chothabháil le geallsealbhóirí sa mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn agus bhí sé an-oscailte maidir le moltaí agus smaointe ó gach foinse. Chun sin a dhéanamh, bhuail an tÚdarás le geallsealbhóirí go rialta chun ábhair laistigh de réimse freagrachtaí an Údaráis a phlé, agus, a mhéid is féidir, choinnigh sé an trédhearcacht ina chuid oibre. Áiríodh tomhaltóirí, árachóirí, comhlachtaí gairmiúla agus rialtóirí eile ar na geallsealbhóirí sin.

Straitéis Cumarsáide

Tá beartas oscailteachta, comhairliúcháin agus díospóireachta i bhfeidhm ag an Údarás le páirtithe leasmhara ábhartha. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le tomhaltóirí, geallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara eile a bhfuil suim acu i seirbhís rialála a chur ar fáil agus ina fheidhmeanna a chomhlíonadh.

4.4 Acmhainní

An Fhoireann


Tá cead ag an Údarás foireann de naonúr a bheith acu.

Maoiniú

Maoinítear oibríochtaí an Údaráis trí thobhach a ghearrtar ar Ghnóthais Chláraithe, de réir Alt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994.² Is iad na Rialacháin Tobhaigh a thug an tAire isteach in 2001 a leagann síos an méid atá le híoc de réir 0.14% d'ioncam préimhe na ngnóthas cláraithe, a bheidh iníoctha ar bhonn ráithiúil.

² An tAcht Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17) Rialacháin Tobhaigh, 2001 (I.R. Uimh. 255 de 2001).

Tuarascáil agus Cuntais 2009



5. Tuarascáil agus Cuntais

don bhliain 1 Eanáir 2009 go dtí 31 Nollaig 2009

Don Aire Sláinte agus Leanaí

De réir théarmaí Alt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, cuireann An tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus Cuntais i láthair don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2009.

Clár Ábhair

Eolas faoin Údarás	29
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	30
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	32
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis	34
Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta	35
Ráitis Airgeadais	37

Eolas faoin Údarás

Comhaltaí an Údaráis

Jim Joyce (Cathaoirleach), *téarma tosaithe Feabhra 2006*

Dónall Curtin, *téarma tosaithe Aibreán 2006*

Mary Doyle, *athcheaptha Feabhra 2006*

Aidan O'Donnell, *a d'éirigh as Meitheamh 2009*

Paul Turpin, *téarma tosaithe Deireadh Fómhair 2007*

Sheelagh Malin, *téarma tosaithe Bealtaine 2010*

Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir

Liam Sloyan

Rúnaí

Eamonn Horgan

Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann cpt.

40/41 Sráid Westmoreland

Baile Átha Cliath 2

Iniúchóirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

Oifigí

Teach na Canálach

Bóthar na Canálach

Baile Átha Cliath 6

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le Cur i Láthair Thithe an Oireachtais

D'iniúch mé na ráitis airgeadais den Údarás Árachas Sláinte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 faoin Acht Árachas Sláinte 1994.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Údaráis agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Faoi Seach

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht Árachais Sláinte 1994, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltáí an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údaráis.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Déanaim athbhreithniú ar cé acu a léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chloígh an tÚdarás le Cód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscím ar theagmhas ábharach ar bith nuair nach ndéanann sé amhlaidh, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamh-chomhsheasmhach le faisnéis eile a bhfuil mé eolach uirthi trí iniúchadh na ráiteas airgeadais. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

Agus mé ag cleachtadh m'fheidhmeanna mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIníúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtas Iníúchta agus trí thagairt do chúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stát maidir le cúrsaí bainistíochta agus feidhmiúcháin araon. Is é atá san iniúchadh scrúdúchán, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus nochtadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais. Is é atá ann, leis, measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breithiúnais a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus má tá na polasaithe cuntasáiochta oiriúnach do chúinsí an Údaráis, curtha i bhfeidhm go seasmhach agus nochta go leor.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasáiochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Údaráis an 31 Nollaig 2009 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



Andrew Harkness

Ar son agus thar ceann An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2010

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ráiteas ón gCathaoirleach maidir le measúnú ar rialuithe airgeadais inmheánacha an Údaráis Árachas Sláinte de réir mar a éilítear in alt 10.2 (iii) den “Chód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit” ceadaithe ag an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001.

Admhaíonn an Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis gurb é bord an Údaráis atá freagrach as córas rialaithe airgeadais inmheánach an Údaráis Árachas Sláinte.

Admhaíonn an Cathaoirleach agus na Comhaltaí chomh maith nach féidir le córas rialaithe airgeadais inmheánach mar sin ach ráthaíocht réasúnta a sholáthar agus nach féidir leis ráthaíocht iomlán a sholáthar go mbeidh sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí agus go gcoiscfear nó go n-aimseofar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí in am agus i dtráth.

Leag Comhaltaí an Údaráis na nósanna imeachta lárnacha seo a leanas amach a dearadh le rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a sholáthar laistigh den Údarás:

Mar a fhoráiltear in Alt 26(5) den Acht Árachas Sláinte, 1994, is é an Príomh-Fheidhmeannach/Cláraritheoir (“an PF”) atá freagrach as riarachán agus gnó an Údaráis a rialú, a bhainistiú agus a sheoladh i gcoitinne agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile a chinnfidh an tÚdarás. D’aontaigh Comhaltaí an Údaráis gurb iad an PF agus an fhoireann atá freagrach as ábhair oibríochtúla. Freagraíonn an PF do na Comhaltaí ag a gcruinnithe a dtionóltar ar bhonn míosúil de ghnáth.

Ghlac na Comhaltaí Cód Cleachtais ar Rialú an Údaráis Árachas Sláinte bunaithe ar Chód Cleachtais na Roinne Airgeadais um Rialú Comhlachtaí Stáit a tugadh cothrom le dáta an 15 Eanáir 2009. Ghlac na Comhaltaí Rialacha maidir le Nós Imeachta agus Gnó Chruinnithe an Údaráis Árachas Sláinte dá gcruinnithe.

Cuireann an tÚdarás tacar nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm lena leagtar amach teoracha airgeadais, nótaí ar nósanna imeachta agus cleachtais tharmligthe. Athbhreithníonn an Coiste Iniúchta na cuntais bhainistíochta, na ráitis airgeadais bhliantúla, buiséadú agus na nósanna imeachta airgeadais go ginearálta. Tháinig an Coiste le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hábhair airgeadais a bhain leis an mbliain 2009. Fostaíodh comhairleoirí, lena n-áirítear cuntasóirí agus comhairleoirí iniúchta inmheánaigh, i réimsí lárnacha nuair a mheastar gur iomchuí iad na seirbhísí sin.

Tá córas bogearraí ríomhairí i bhfeidhm ag an Údarás ina bhfuil pacáiste cuntasáíochta agus pacáiste párolla chun rialuithe airgeadais inmheánaigh an Údaráis a éascú.

Mar gheall ar mhéid na heagraíochta agus an líon foirne atá fostaithe, d'fhostaigh an tÚdarás comhlacht cuntasáochta seachtrach chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu ar son an Údaráis agus chun meicníocht tuairiscithe airgeadais mhíosúil a dhéanamh ar bhainistiú na gcuntas i gcoitinne, buiséid san áireamh.

Deimhnímid gur cuireadh athbhreithniú i gcrích ar éifeachtúlacht an rialaithe airgeadais inmheánaigh in 2009.

Sínithe thar ceann Chomhaltaí an Údaráis



Jim Joyce

An Cathaoirleach, An tÚdarás Árachas Sláinte

16 Meán Fómhair 2010

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

Éilítear le hAlt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, go n-ullmhóidh Comhaltaí an Údaráis ráitis airgeadais i bhfoirm a cheadóidh an tAire Sláinte agus Leanaí tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Éilítear ar an Údarás agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- Cibé acu ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme nó nár cloíodh a lua, faoi réir aon imeacht suntasach a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura meastar iomchuí é glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá freagracht ar an Údarás leabhair chuntas chuí a choinneáil, lena nochtar ar bhealach fíor agus cóir ag am ar bith seasamh airgeadais an Údaráis agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32(2) den Acht. Tá freagracht ar an Údarás chomh maith sócmhainní an Údaráis a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.



J. Joyce

An Cathaoirleach



P. Turpin

Comhalta

16 Meán Fómhair 2010

Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na beartais chuntasaíochta suntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais:

Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus comhlíontar leo caighdeáin tuairiscithe airgeadais an Bhoird um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

Tobhach Ioncaim

Léirítear leis an tobhach ioncaim an tsuim a bhailigh an tÚdarás i leith na tréimhse. Cuirtear san áireamh íocaíochtaí a rinneadh leis an Údarás de réir Achtanna Árachais Sláinte, 1994-2007 agus déantar réasúnacht an fhigiúir sin a sheiceáil in aghaidh an ioncaim thobhaigh mheasta bunaithe ar phróifíl an Údaráis maidir le scéimeanna árachais sláinte phríobháidigh.

Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe de réir mar a thabhaítear é.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas lúide dímheas carnach. Áirítear an dímheas, a ghearrtar ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, chun costais na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta, faoi mhodh na líne dírí, ar ráta bliantúil ar 33 $\frac{1}{3}$ % do threalamh ríomhaireachta agus 20% do gach sócmhainn eile ón dáta a fhaightear é.

Airgeadraí Eachtrannacha

Malartaítear idirbhearta in airgeadraí eachtrannacha go euro le linn na bliana agus áirítear iad sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Malartaítear sócmhainní airgeadaíochta agus dliteanais in airgeadraí eachtrannacha go euro ar rialú rátaí malairte ag dáta an chláir chomhardaithe agus áirítear gnóthachain agus cailteanais a bhíonn ann sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Aoisliúntas

De réir Alt 28 den Acht Árachais Sláinte, 1994, féadfaidh an tÚdarás, le cead an Aire Sláinte agus Leanaí agus an Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis. Tá scéim mar sin á tabhairt chun críche ag an Údarás i gcomhar leis an dá Roinn agus tá na hasbhaintí riachtanacha á mbaint ó thuarastail agus á gcoinneáil ag an Údarás, ach ní aithnítear mar ioncam iad. Chomh maith leis sin, tá foráil á déanamh ag an Údarás do ranníocaíochtaí fostóirí maidir leis an Scéim. Chun críocha Caighdeán Tuiriscithe Airgeadais 17, measann an tÚdarás gurb ionann an scéim agus scéim ranníocaíochta sainmhínithe, óna dhearcadh féin, agus thug sé cuntas air sin dá réir.

Cúlchiste Ginearálta

De réir mar a fhorbraítear ról an Údaráis mar rialtóir agus mar chomhairleoir Mhargadh Árachas Sláinte Príobháideach na hÉireann, is amhlaidh is mó an dóchúlacht go mbeidh costais bhreise ann de bharr cúinsí eisceachtúla. Meastar go n-íocfaidh an Cúlchiste Ginearálta as aon dliteanas a thagann chun cinn sa chás sin.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	<i>Nótaí</i>	12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2009 €	12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2008 €
Ioncam	1	2,615,683	2,313,144
Costais Riaracháin	2	(1,534,952)	(1,456,722)
Ioncam iomarcach thar chaiteachas		1,080,731	856,422
Ús Infhaighte		64,214	82,197
Barrachas don tréimhse		1,144,945	938,619
Barrachas Carnach ag tús na tréimhse		1,700,979	812,360
Aistriú go Cúlchiste Ginearálta	9	(50,000)	(50,000)
Barrachas Carnach ag deireadh na tréimhse		2,795,924	1,700,979

Níl gnóthachain ná caillteanais le haithint, seachas na cinn lena ndéileáladh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.



J. Joyce
An Cathaoirleach

16 Meán Fómhair 2010



P. Turpin
Comhalta

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 11.

Clár Comhardaithe

an 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €	2008 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inlámhsithe	5	41,328	6,266
Sócmhainní reatha			
Banc agus Airgead Tirim		4,331,052	3,100,589
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	6	813,128	713,276
		5,144,180	3,813,865
Creidiúnaithe (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	7	(1,081,689)	(861,257)
		4,062,491	2,952,608
Sócmhainní iomlána líude dlíteanais reatha			
		4,103,819	2,958,874
Sócmhainní glana			
		4,103,819	2,958,874
Lena léirítear			
Ioncam iomarcach carnach thar chaiteachas	9	2,795,924	1,700,979
Cúlchiste Ginearálta		1,307,895	1,257,895
		4,103,819	2,958,874



J. Joyce
An Cathaoirleach



P. Turpin
Comhalta

16 Meán Fómhair 2010

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 11.

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Ioncam

Foráiltear le hAlt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994 d'íocaíocht tobhaigh ioncaim ó ghnóthais chláraithe leis an Údarás gach ráithe. Leagtar le Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17), 2001 an ráta iarbhír don tobhach ioncaim ag 0.14% den mhéid inmheasúnaithe a íocadh le gach gnóthas tráchtála agus srianta in Éirinn.

	2009 €	2008 €
Tobhach Ioncaim	2,615,538	2,313,144
Saoráil Faisnéise	145	–
	2,615,683	2,313,144

2. Costais Riaracháin

	2009 €	2008 €
Costais Tuarastal agus foirne (lena n-áirítear oiliúint) (Nóta 3)	680,072	640,600
Luach saothair Chomhaltáí (Nóta 3)	34,904	40,144
Cíos, Táillí Seirbhísí agus Cothabháil	158,159	162,708
Costais earcaíochta	–	25,256
Sainchomhairliúchán (Nóta 4)	354,265	385,303
Árachas	41,040	40,672
Costais Ríomhaireachta agus Stáiseanóireachta	23,148	24,600
Costais Riaracháin Eile	34,847	62,109
Faisnéis Tomhaltóirí	187,909	60,127
Iníúchadh	12,220	13,000
Dímheas	8,388	2,203
	1,534,952	1,456,722

3. Táillí Stiúrthóirí agus Luach Saothair POF

Is iad seo a leanas na táillí a íocadh le comhaltaí boird aonair in 2009: Jim Joyce (An Cathaoirleach) €10,500, Dónall Curtin €7,000, Mary Doyle €7,000, Aidan O'Donnell €3,403.85, Paul Turpin €7,000. Níor íocadh costais le comhaltaí boird.

Ba é €108,538.85 tuarastal bliantúil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don bhliain 2009. Tá teidlíochtaí pinsin an POF de réir teidlíochtaí caighdeánacha sa tsamhail scéime aoisliúntais le sochar sainithe san earnáil phoiblí. Is é an costas iomlán a bhaineann le luach saothair an PFO ná tuarastal agus teidlíocht pinsin.

4. Costais Sainchomhairliúcháin

	2009 €	2008 €
Cuntasaíocht	55,176	85,369
Seirbhísí Achtúireacha	96,199	91,799
Seirbhísí Dí	129,937	94,022
Caidrimh Phoiblí	43,897	47,829
Taighde	27,824	60,928
Aoisliúntas	763	2,178
Seirbhísí Aistriúcháin	469	3,178
	354,265	385,303

5. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Ríomhaireachta €	Suiteáil, Trosacán & Trealamh Oifige €	Forbairt ar Láithreán Gréasáin €	Iomlán €
Costas				
An 31 Nollaig 2008	69,678	331,508	0	401,186
Íocaíochtaí breise le linn na tréimhse	18,272	1,992	23,185	43,449
Díúscairtí le linn na tréimhse	0	0	0	0
An 31 Nollaig 2009	87,950	333,500	23,185	444,635
Dímheas				
An 31 Nollaig 2008	64,538	330,382	0	394,920
Táille don tréimhse	6,488	709	1,190	8,387
Dímheas ar dhiúscairtí	0	0	0	0
An 31 Nollaig 2009	71,026	331,091	1,190	403,307
Luach Glan Leabhair				
An 31 Nollaig 2009	16,924	2,409	21,995	41,328
An 31 Nollaig 2008	5,140	1,126	0	6,266

6. Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile

	2009 €	2008 €
Ioncam fabhraithe	711,182	574,212
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	101,437	138,732
Cártaí taistil	509	332
	813,128	713,276

7. Creidiúnaithe (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)

	2009 €	2008 €
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	319,485	246,173
Foráil Pinsean (Nóta 8)	723,507	572,384
Tobhach Pinsin	2,540	–
ÍMAT/ÁSPC	14,335	16,199
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	12,001	22,115
Cáin Bhreisluacha	9,821	4,386
	1,081,689	861,257

8. Foráil Pinsean

Tá scéim pinsean sochar sainithe tugtha chun críche ag an Údarás dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí agus táthar ag fanacht ar cheadú ón Aire Sláinte agus Leanaí agus ón Aire Airgeadais. Tá ranníocaíochtaí, ranníocaíochtaí fostóirí san áireamh, ar ráta 25% ó Lúil 2006, (16.66% roimhe seo) den phá inphinsin agus gearrtar iad ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá na ranníocaíochtaí carntha coinnithe do chuntas an Aire Sláinte agus Leanaí agus d'aontaigh an tAire aisíocaíocht a thabhairt don Údarás maidir le sochair íoctha a eascraíonn as an scéim. Áirítear na ranníocaíochtaí seo a leanas sa cheannteideal, “Tuarastail agus Costais Foirne (lena n-áirítear oiliúint)” **(Nóta 2)**:

	2009 €	2008 €
Ag tús na tréimhse	572,384	436,362
Ranníocaíochtaí Fostaí	26,429	24,478
Ranníocaíochtaí Fostóra	124,694	111,544
lomlán	723,507	572,384

Ina theannta sin, baineadh €27,269 ón bhfoireann trí thobhach pinsin agus íocadh é leis an Roinn Sláinte agus Leanaí.

9. Barrachas Carnach ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2009 €	2008 €
Ag tús na tréimhse	1,700,979	812,360
Barrachas don tréimhse	1,144,945	938,619
	2,845,924	1,750,979
Aistriú go Cúlchiste Ginearálta	(50,000)	(50,000)
Barrachas coimeádta	2,795,924	1,700,979

10. Gealltanais Chaipitil

Ní raibh gealltanais do chaiteachas caipitiúil an 31 Nollaig 2009.

11. Ceadú Ráitis Airgeadais

Cheadaigh Comhaltaí an Údaráis na Ráitis Airgeadais an 16 Meán Fómhair 2010.

6. Aguisíní

Aguisín A

Staitisticí a Bhaineann leis an Margadh Árachais Sláinte Príobháideach in Éirinn, 2009

Tábla 1: Daoine Árachaithe⁽¹⁾⁽²⁾

An Bhliain dar Críoch	Líon Iomlán Daoine Árachaithe (000í)	Cumhdach Árachas Sláinte Príobháideach mar % den Daonra
Nollaig 2001	1,871	48.2%
Nollaig 2002	1,941	49.2%
Nollaig 2003	1,999	49.8%
Nollaig 2004	2,054	50.4%
Nollaig 2005	2,115	50.6%
Nollaig 2006	2,174	50.9%
Nollaig 2007	2,245	51.2%
Nollaig 2008	2,299	51.6%
Nollaig 2009	2,262	50.7%

Tábla 2: Ioncam Préimhe

Bliain	Ioncam Iomlán (€m)
2002	821.9
2003	978.2
2004	1,061.1
2005	1,152.7
2006	1,236.2
2007	1,477.8
2008	1,652.2
2009	1,846.7

(1) Baineann gach uile fhiigiúir le margadh árachais sláinte príobháideach iomlán, i.e. rollú oscailte agus gnóthais shrianta.

(2) Tá fiigiúirí daonra bunaithe ar mheastacháin daonra na Príomh-Oifige Staidrimh.

Sciartha den Mhargadh

Léiríonn an tábla seo an bealach a tháinig athrú ar sciartha den mhargadh ó bunaíodh an tÚdarás.

	Vhi Healthcare %	Quinn Healthcare* %	Hibernian AVIVA Health** %	Gnóthais Ballraíochta Srianta*** %
2001	83	12	–	5
2002	81	14	–	5
2003	78	17	–	5
2004	76	19	–	5
2005	74	21	1	5
2006	72	21	3	4
2007	70	21	5	4
2008	67	21	7	4
2009	64	22	10	4

* Maidir le 2006 agus blianta roimhe sin baineann na sonraí le BUPA Ireland

** Maidir le 2007 agus blianta roimhe sin baineann na sonraí le VIVAS Health

*** Go príomha, beidh sé comhdhéanta den Gharda Síochána, ESB agus Scéimeanna Oifigeach Príosún


Léiríonn an tábla seo a leanas conas a athraíonn sciartha den mhargadh le haois amhail lúil 2009. Tagraíonn an tábla thíos d'árachóirí ballraíochta oscailte amháin agus eisítear na gnóthais ballraíochta srianta.

Aoisghrúpa	Vhi Healthcare %	Quinn Healthcare %	Hibernian AVIVA Health %
0-49	63	26	11
50-59	71	21	8
60-69	80	16	4
70-79	90	8	2
80 agus níos sine	95	3	1

Aguisín B

Éagsúlacht Éilimh de réir Aoise

Éilimh san Áireamh sna Tuarisceáin an Duine Árachaithe in 2009



Is é foirse na sonraí sa chairt thuas tuairisceáin faisnéise a chuir árachóirí isteach chuig an Údarás. Eisíonn na tuairisceáin sin 20% d'éilimh.

Aguisín C

Clár na nGnóthas Sochair Sláinte Amhail an 31 Nollaig 2009

Gnóthais Bhallraíochta Oscailte

1. Aviva Health Insurance Limited (ag trádáil mar Aviva Health Limited)
2. Quinn Insurance Limited (ag trádáil mar Quinn Healthcare)
3. The Voluntary Health Insurance Board (ag trádáil mar VHI Healthcare)

Gnóthais Ballraíochta Srianata

1. ESB Staff Medical Provident Fund
2. Irish Life Assurance Plc Outdoor Staff Benevolent Fund
3. Irish Life Medical Aid Society
4. New Ireland/Irish National Staff Benevolent Fund
5. Prison Officers' Medical Aid Society
6. St. Paul's Garda Medical Aid Society
7. The Goulding Voluntary Medical Scheme

Aguisín D

Freastal ar Chruinnithe Údaráis in 2009

Comhalta Údaráis	Freastal ar Chruinnithe*
An tUasal Jim Joyce <i>Cathaoirleach</i>	14
An Iníon Mary Doyle	14
An tUasal Aidan O'Donnell**	5
An tUasal Dónall Curtin	10
An tUasal Paul Turpin	14

* Reáchtáladh 14 chruinniú de chuid an Údaráis ar fad in 2009.

** D'éirigh an tUasal O'Donnell as an Údarás an 25 Meitheamh 2009.

D'fhreastail sé ar 5 chruinniú as 7 gcruinniú a sceidealadh sular éirigh sé as.